**ACHOMHAIRC ATHBHREITHNITHE AGUS ACHOMHAIRC ATHLUACHTAITHE**

**TREOIRLÍNTE CHUN AN FÓGRA UM ACHOMHAIRC A CHOMHLÁNÚ**

*Tá bunús dlí an Fhógra um Achomhairc chuig an mBinse leagtha amach in Ailt 34 agus 35 de na hAchtanna Luachála, 2001 - 2015 (dá dtagraítear thíos mar "an tAcht"). Níl sna treoirlínte seo a leanas ach cúnamh don achomharcóir agus ní bheartaíonn siad aon léirmhíniú dlíthiúil a bheith acu.*

Ceist Uimh.

1. Cuir isteach sonraí iomlána maidir le seoladh **poist** na réadmhaoine atá faoi achomharc.

2. Tabhair cur síos iomlán ar an réadmhaoin (m.sh. stóras, monarcha, siopa, áitreabh ceadúnaithe).

3. Ainmnigh an t-údarás rátála an limistéir ina bhfuil an réadmhaoin suite.

4. (a) Luaigh ainm an achomharcóra agus ainm an áititheora mura bhfuil achomharc á dhéanamh ag an áititheoir.

   (b) Cumas ar Achomharc a dhéanamh:

   Soláthraíonn Alt 34(1) agus 40(5) den Acht ceart achomhairc chuig an mBinse agus leagtar amach in Alt 30(1) na catagóirí daoine seo a leanas a fhéadfaidh achomharc a dhéanamh:
   - áititheoir réadmhaoine i leith na maoine sin
   - áititheoir réadmhaoine iomchuí (réadmhaoin inrátaithe) i leith aon réadmhaoine eile sa limistéar rátála céanna
   - údarás rátúcháin i leith aon réadmhaoine ina limistéar
   - tríú páirtí leasmhar
   - áititheoir réadmhaoine a bhfuil a luacháil leasaithe mar réadmhaoin atá ábhartha comhchosúil le réadmhaoin a bhfuil a luacháil leasaithe sa liosta luachála tar éis Binse,

   Cinneadh na hArd-Chúirte nó na Cúirte Uachtaraí.

   Luaigh ag 4(b) cé acu de na catagóirí thuas lena mbaineann an t-achomharcóir.

5. Cuir seoladh **teagmhála** ar fáil anseo murab ionann é agus seoladh poist na réadmhaoine ag Uimh. 1 thuas, uimhir theileafóin lae, chomh maith le huimhir fón póca agus seoladh ríomhphoist, más ann dó.

6. Luaigh anseo ainm agus seoladh gach duine ar dealraitheach don Achomharcóir gur duine leasmhar é, más ann dó.

7. Luaigh anseo na cúiseanna bailí ar a bhfuil an t-achomharc á thógáil. Tá sé riachtanach na cúiseanna bailí achomhairc a bhfuil sé beartaithe ag an achomharcóir brath orthu a leagan amach go huileghabhálach. Ní fhéadfar na cúiseanna bailí sin a athrú nó a fhadú ina dhiaidh sin (agus ní thabharfar cead chun leasú a dhéanamh) ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

   Teorannaíonn Alt 35 den Acht achomhairc chuig na cúiseanna bailí sonracha atá leagtha amach sa cheist seo ag 7(a) – 7(d). Mar sin féin, a mhéid is féidir le hachomharcóir iarracht a dhéanamh dul ar aghaidh nó brath ar chúiseanna bailí eile, cuireann ceist 7(e) spás ar fáil chun cúiseanna bailí eile dá leithéid (más ann dóibh) a áireamh.

Tá sé an-tábhachtach a lua cad ba cheart a bheith sa luacháil cheart, dar leat (má tá achomharc á dhéanamh agat i gcoinne cruinneas na luachála [7(a)] nó i gcoinne eisiamh na réadmhaoine ón liosta luachála [7(c)(ii))].

Is féidir bileog(a) b(h)reise a cheangal leis an bhFógra um Achomhairc mura bhfuil dóthain spáis ann chun na cúiseanna bailí atá agat ar an bhFógra a leagan amach.

8. Faoin Acht, ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de 28 lá ón dáta ábhartha" Déanann Alt 34(4)(a) den Acht cur síos ar an dáta ábhartha mar "dáta an liosta luachála ábhartha a bhfuiltear le foilsiú faoi Alt 23".

   Luaigh **dáta** an deimhnithe nó an fhógra ach tabhair faoi deara nach mór an t-achomharc a dhéanamh chuig an mBinse **laistigh de 28 lá** ó **dháta foilsithe** an liosta luachála.

9. Luaigh luacháil na réadmhaoine mar atá leagtha amach sa deimhniú luachála nó san fhógra.

10. Cuir tic sa bhosca seo le do thoil más mian leat go ndéanfadh an Binse breithniú ar chinneadh a dhéanamh ar d'achomharc bunaithe ar dhoiciméid scríofa gan gá le héisteacht a reáchtáil

11. Cuir in iúl sa bhosca cuí an táille a ghabhann leis an achomharc. Bíonn leibhéal na táille socraithe ag an luacháil a chinntear. Taispeántar an ráta táille cuí os coinne an bhanda luachála. **Ní bheidh achomharc chuig an mBinse bailí ACH AMHÁIN má tá an táille cheart ag gabháil leis.**

12. Má tá sé ar intinn agat ionadaíocht a bheith agat ag an achomharc, ba chóir ainm, seoladh agus uimhir theagmhála an ghníomhaire/aturnae a bheith luaite anseo.

13. Ní mór don achomharcóir (nó gníomhaire thar a c(h)eann) an fhoirm Fhógra um Achomhairc a shíniú agus dáta a chur léi sula gcuirfear ar aghaidh í, mar aon leis an táille cheart forordaithe, chuig an mBinse ag an seoladh a thugtar ag deireadh an Fhógra um Achomhairc agus a leagtar amach thíos.

**The Registrar**
**Valuation Tribunal**
**3rd Floor**
**Holbrook House**
**Holles Street**
**Dublin 2**

**An Cláraitheoir**
**An Binse Luachála**
**An Tríú Urlár**
**Teach Holbrook**
**Sráid Holles**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: 01- 676 0130  Facs: 01-642 5990**